Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8263/26**

**EDUC 113**
**JEUN 62**
**EMPL 98**
**SOC 216**
**COMPET 481**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bunscileanna agus an Limistéar Eorpach Oideachais: naisc a chothú don todhchaí<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 11 Bealtaine 2026.

**Bunscileanna agus an Limistéar Eorpach Oideachais: naisc a chothú don todhchaí**

*Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht*

(An Chomhairle <u>Oideachais</u>, Óige, Cultúir agus Spóirt)

Tá an domhan ag athrú ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá réaltachtaí nua á gcruthú ag an gclaochlú teicneolaíoch atá ag dul i méid, lena n-áirítear an Intleacht Shaorga a bheith á forbairt agus á húsáid go mear, dúshláin dhéimeagrafacha, géarchéimeanna geopholaitiúla, sláinte agus aeráide, chomh maith le dúshláin chasta shochaíocha agus eacnamaíocha. I bhfianaise na n-athruithe sin, tá dúshlán iomaíochais roimh an Aontas freisin; tá riachtanais an mhargaidh saothair ag athrú, rud a éilíonn inoiriúnaitheacht, lena n-áirítear an cumas athsciliú, uas-sciliú agus freagairt ar éilimh athraitheacha oibre.

Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag córais oideachais agus oiliúna san Eoraip maidir leis an nuálaíocht a chothú agus borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus athléimneacht a fheabhsú. Ag an am céanna, tá coinne leis anois, go dtacóidh na córais sin le daoine aonair ní hamháin rochtain a fháil ar fhostaíocht, ach freisin chun saoránaigh ghníomhacha, eolasacha agus athléimneacha a fhorbairt a bheidh in ann dul i ngleic le timpeallachtaí casta atá ag athrú go tapa. Chun é sin a dhéanamh, ní mór do chórais oideachais agus oiliúna leanúint de bheith ag forbairt, chun daoine a ullmhú do thodhchaí atá ag athrú go tapa, le claochluithe sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa mhargadh saothair. Chun é sin a bhaint amach, is gá straitéisí náisiúnta a choigeartú go leanúnach, bearta beartais a shainaithint chun torthaí foghlama a fheabhsú agus, ar deireadh, borradh a chur faoin rath oideachais do gach foghlaimeoir.

Laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais, aithníonn na Ballstáit go bhfuil córais oideachais agus oiliúna lárnach chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt do dhaoine aonair chun go mbeidh rath orthu sa saol, sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. Leis an Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) agus leis an obair shuntasach a rinneadh go dtí seo sa Chomhairle maidir le hullmhú an dara timthriall, cuirtear i dtábhacht an tiomantas leanúnach do cháilíocht, cothromas, cuimsiú agus rath do chách, agus an tiomantas chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach ina iomláine faoi 2030.

Tá spriocanna i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun dúshláin a shainaithint; go háirithe, ba cheart sciar na ndaoine 15 bliana d'aois nach bhfuil ag éirí go maith leo sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith níos lú ná 15 % faoi 2030, agus ba cheart sciar na ndaltaí i ngrád a hocht nach bhfuil ag éirí go maith leo sa litearthacht ríomhaireachta agus faisnéise a bheith níos lú ná 15 % faoin mbliain chéanna. Léiríonn fianaise ar leibhéal an Aontais go bhfuil an dul chun cinn fós míchothrom i ndáil leis na spriocanna a comhaontaíodh in 2021. Cé gur féidir treochtaí dearfacha a thabhairt faoi deara i réimsí áirithe, tá dúshláin fós ann maidir lena áirithiú go bhfaighidh gach foghlaimeoir an méid is gá chun go n-éireoidh leo i gcomhthéacs atá ag athrú go tapa. Chuige sin, ní mór machnamh criticiúil a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige agus na straitéisí beartais atá ann faoi láthair, go háirithe féachaint ar bhealaí chun tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir. Ní mór ardleibhéal uaillmhéine beartais a ailíniú ar bhealach níos fearr le cur chun feidhme éifeachtach, chun torthaí níos fearr a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, is príomhchuspóir i gcónaí é comhordú agus comhleanúnachas thionscnaimh an Aontais i réimse an oideachais agus na hoiliúna, go háirithe na tionscnaimh sin a bhaineann le scileanna agus inniúlachtaí, agus tacaíocht chomhsheasmhach do chórais náisiúnta oideachais agus oiliúna.

Le tionscnaimh de chuid an Aontais a rinneadh le déanaí, leagadh béim ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i scileanna agus in inniúlachtaí. Meastar gur ríthábhachtach do rathúnas an Aontais, dá athléimneacht eacnamaíoch agus dá gheilleagar sóisialta uathúil margaidh, díriú ar an gcaipiteal daonna. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas na Scileanna, leagtar béim ar an ngá atá le fondúireachtaí oideachais agus scileanna níos láidre do chách, chun rochtain leathan ar oideachas, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar dheiseanna fostaíochta a áirithiú, agus chun dul i ngleic le haistrithe agus géarchéimeanna. Is é is aidhm do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le Bunscileanna tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar thorthaí i réimsí amhail litearthacht, matamaitic, eolaíocht, scileanna digiteacha agus saoránachta, agus rannchuidiú le cuspóirí níos leithne a bhaineann le hiomaíochas, athléimneacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach.

Cé nach bhfuil aon tuiscint aonair aontaithe ann ar an téarma 'bunscileanna', chun críche an mhalartaithe tuairimí sin, dírítear ar na scileanna bunúsacha ba cheart a bheith ag gach duine aonair mar bhonn íosta don dul chun cinn tríd an oideachas agus an oiliúint, tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, tríd an infhostaitheacht agus trí rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí. D'fhéadfadh dearcadh níos leithne agus níos iomlánaíche a bheith i gceist leis an tuiscint sin, lena gcuimsítear freisin scileanna idirdhisciplíneacha amhail smaointeoireacht chriticiúil, cumarsáid, inoiriúnaitheacht, comhar agus rannpháirtíocht shibhialta, atá bunriachtanach ní hamháin ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, ach ar feadh an tsaoil freisin.

Ag féachaint chun cinn, ní hamháin gur gá na bunscileanna sin a neartú, ach ní mór iad a athshainiú go leanúnach freisin i bhfianaise na réaltachtaí atá ag teacht chun cinn, chun tacú go héifeachtach le daoine aonair rath a bheith orthu sa saol, san obair agus sa tsochaí dhaonlathach agus chun dul i ngleic le castacht, éiginnteacht agus athrú. Ní mór do chórais oideachais agus oiliúna athruithe a réamh-mheas, an bhunfhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais nua, agus a chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí ullamh do dhúshláin an lae inniu agus do dheiseanna an lae amárach araon. Chuige sin, ní mór peirspictíocht foghlama ar feadh an tsaoil a leabú ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, lena n-áiritheofar go mbeidh deiseanna ann chun go mbeidh uas-sciliú agus athsciliú inrochtana ag gach céim den saol.

**I bhfianaise an mhéid thuas, iarrann an uachtaránacht ar na hairí freagra a thabhairt ar na ceisteanna thíos mar chuid de sheisiún tuairimíochta ar an ábhar. Iarraimid na hidirghabhálacha a choinneáil faoi bhun trí (3) nóiméad ar a mhéad.**

1. I bhfianaise an tírdhreacha sin atá ag athrú go tapa, conas ba cheart straitéisí náisiúnta san oideachas agus san oiliúint a oiriúnú chun na bunscileanna a theastaíonn ó fhoghlaimeoirí chun go n-éireoidh leo sa lá atá inniu ann a thabhairt dóibh agus chun dul i ngleic le dúshláin an lae amárach? An bhfuil ár gcórais oideachais agus oiliúna solúbtha agus dírithe go leor ar an todhchaí chun a misean a bhaint amach?

2. Conas is fearr is féidir an comhar ar leibhéal an Aontais, go háirithe tríd an Limistéar Eorpach Oideachais agus i sineirgíocht le hAontas na Scileanna, de réir mar is iomchuí, tacú leis an gclaochlú sin?